



Coláiste na Rinne

Polasaí faoi Ghutháin Póca agus Gléasanna Leictreonacha

Más rud é go bhfuil difríocht idir a bhfuil scríofa as Gaeilge agus as Béarla sa pholasaí seo, glactar leis an leagan Gaeilge mar an leagan cruinn agus an leagan Béarla mar aistriúchán.

1. Réamhrá

Ceapadh an polasaí seo mar fhreagra ar úsáid gléasanna leictreonacha sa Choláiste. Ar leasa na bpáistí, tá an polasaí seo a leanas forbartha ag an bhfoireann i gcomhpháirt leis an gCoiste Bainistíochta agus na tuismitheoirí.

2. Réasúnaíocht

- Is féidir le giuirléidí leictreonacha ar nós ghutháin póca, táibléid, uaireadóir cliste, spéaclaí HD, seinnteoirí MP3, consóil leictreonacha srl a bheith ionsúiteach agus suaiteach i suíomh an Choláiste.
- D'fhéadfadh úsáid ghutháin glic le ceamaraí iontu fadhbanna a chothú go h-áirithe maidir le Caomhnú Leanaí agus Cosaint Sonraí de bharr tógáil, úsáid agus scaipeadh ghrianghraif mí-chuí.

3. Guthán póca

Le blianta beaga anuas 'sé cinneadh an Choiste Bainistíochta **NACH MBEIDH** guthán cliste d'aon saghas ag páiste ag freastal ar an gColáiste i gcaitheamh na scoil bhliana. Cabhraíonn sé seo go mór le caidreamh i measc na bpáistí, labhairt na Gaeilge, páistí ag meascadh lena chéile agus féin fhorbairt. Is féidir le tuismitheoirí glaonna a chur ar pháistí ag amanta faoi leith. Más gá is féidir le tuismitheoir teacht ar pháiste in uair na práinne ach glaoch ar oifig an Choláiste ag 058 46128.

- Más mian le tuismitheoir guthán a thabhairt do pháiste coiméadfar an guthán i dtaisce go daingean. Ní thabharfar an guthán don pháiste ach ar iarratas an tuismithoera agus an tuismitheoir i láthair.
- I rith an tSamhraidh ceadaítear guthán a úsáid ar feadh 45 nóimead in aghaidh an lae. Bailítear na gutháin ina dhiaidh sin agus coimeádfar faoi ghlas iad go dtí an chéad lá eile.

4. Uaireadóirí Cliste

Más féidir le huaireadóirí cliste glaoch ghutháin a dhéanamh, teachtaireachtaí a sheoladh agus a ghlacadh is ionann iad agus guthán póca agus tagann siad dá bhrí sin faoi na coinníollacha céanna a ghabhann le guthán póca de réir an pholasaí seo.



5. Giuirleídí Leictreonacha

Is é is giuirleád leictreonach ann ná aon ghiuirleád gur féidir leis:

- Glaoch a chur/téacs a sheoladh
- Teacht ar an idirlíon
- Grianghraf a ghlacadh

Níl cead giuirleídí nó consóil leictreonacha a bheith ag scoláirí agus iad ag cur fúthu sa Choláiste, nó in áit ar bith bainteach leis an gcúrsa. Más gá do scoláire ceacht a dhéanamh ar Zoom ar iarratas an tuismitheóra eagraíonn duine d'fhoireann an Choláiste an nasc agus úsáidtear ríomhaire an Choláiste. Ní gá don pháiste lámh a leagan ar an trealamh leictreonach.

6. Mí-Úsáid Fóin/ Giuirleídí Leictreonacha

Má úsáideann páiste ar bith guthán póca/ giuirleád leictreonach lastigh de champus an Choláiste, nó lasmuigh de in aon imeacht bainteach leis an gColáiste, cuirfear na tuismitheoirí ar an eolas agus coiméadfar an guthán ar bhonn sábháilte go dtí go mbeidh na tuismitheoirí i láthair chun é a bhailiú. D'fhéadfadh smacht bhannaí a chur i bhfeidhm.

7. Eisceacht

Tarlaíonn sé ó am go ham go mbíonn páiste faoi chúram leighis/dochtúra nó idirghabháil leighis ar siúl. Go minic ins na cásanna sin bíonn monaiteoireacht leanúnach ar siúl ar an bpáiste trí ghuthán póca. Iarrtar ar Thuismitheoirí teagmháil a dhéanamh linn ionas gur féidir leis an gColáiste socruithe cuí a dhéanamh i gcomhairle le tuismitheoirí agus lucht leighis ar mhaithe leis na bpáiste.

Faomhadh an polasaí seo ag cruinniú den Choiste Bainistíochta ar an 25ú Feabhra 2023

Cuirtear i ngníomh láithreach é.

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo i 2023/2024

Sínithe: _____

(Cathaoirleach)

Dáta: _____

Sínithe: _____

(Stiúrthóir)

Dáta: _____